



## CLÁR ÁBHAR

|                                                                       |    |
|-----------------------------------------------------------------------|----|
| 1. RÉAMHRÁ                                                            | 1  |
| 2. FEIDHMEANNA CRO                                                    | 2  |
| 3. NUA I 2013                                                         | 8  |
| 4. Ag TEACHT IN 2014                                                  | 11 |
| AGUISÍN 1: MIONSTADREAMH                                              | 13 |
| AGUISÍN 2: AIRGEADAS                                                  | 38 |
| AGUISÍN 3: CLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ<br>AGUS DAOINE ÚDARAITHE EILE | 39 |

## RÉAMHRÁ

Is é Ráiteas Misin Na hOifige um Chlárú Cuideachtaí:

*mairseacht a dhéanamh ar an ráta is ar an gcáilíocht is airde de na tuairisceáin bhliantúla a chomhdaíonn cuideachtaí i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha agus a chinntiú go bhfuil aon fhaisnéis faoi na cuideachtaí a fhoilsíonn an CRO tráthúil agus gur léiriú cruinn í ar an bhfaisnéis a chuir na cuideachtaí úd ar fáil.*

Ag deireadh 2013 bhí 187,000 cuideachta ar an gclár agus mar thoradh air sin comhdaíodh os cionn 385,000 aighneacht leis an CRO le linn 2013. Comhdaíodh 66% de na cáipéisí go leictreonach.

D'éirigh leis an CRO in 2013 téarmaí a mhisin a chur i gcrích agus 91% de na cuideachtaí cothrom le dáta faoi dheireadh na bliana le comhdú a dtuairisceán bliantúil. Bhí ioncam €19.39 milliún don bhliain.

Cuireadh roinnt tionscadal i bhfeidhm sa CRO le linn 2013. Cuireadh Íocaíochtaí Cátaí Creidmheasa leis an Tuairisceán Bliantúil go luath in 2013. Táthar ag súil le go gcuirfidh sé seo deireadh le hairgead tirim san Oifig amach anseo. Tá sé ina chuspóir leanúnach ag an CRO an ráta “uathchlárú” ar aighneachtaí reachtúla a mhéadú ionas go nglanfar cuid den riaráiste stairiúil de thuairisceáin bhliantúla neamhchláraithe le go mbeidh na hacmhainní úd ar fáil chun díriú isteach ar dhearbhu cáilíochta. Uathchláraíodh breis is 265,955 aighneacht in 2013 as 414,788 aighneacht a cláraíodh san iomlán, ráta 64%. D'éirigh thar barr le háis soláimhsithe an CRO chun tuairisceáin bhliantúla réamhlíonta a ríomhchomhdú, ní bhíonn le déanamh ag comhdóirí leo ach iad a sheiceáil, a athrú más cuí agus a shíniú. De thoradh air seo bhí an CRO ábalta riaráiste na dtuairisceán bliantúil neamhchláraithe a laghdú ó 500,000 in 2007 go 94,000 ag deireadh 2013.

In 2014 beidh an t-inneall rialacha a tógadh in 2009 fós ag fás sa tslí is go mbeifear ábalta níos mó aighneachtaí a uathchlárú. Chomh maith leis sin tá sé i gceist ag an CRO leagan leictreonach a thairiscint de na teastais is na cáipéisí le síniú digiteach gur de bhunadh an CRO iad.

In 2013 d'aistrigh an CRO a cuid suíomhanna idirghníomhacha, an cuardach cuideachta san áireamh, go Gaeilge. Bhí sé seo riachtanach faoina scéim reachtúil a ullmhaíodh faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Foilsíodh Bille na gCuideachtaí i mí na Nollag 2012. Tá sé ag gabháil trí chéimeanna éagsúla an Oireachtais sula ndéanfar é a rith agus a thosú. Sa Bhille seo tá an leasú is suntasaí ar chód corparáideach na hÉireann le 50 bliain anuas agus glacfaidh sé ionad Achtanna na gCuideachtaí 1963-2013 nuair a rithfear é.

Forálann Ailt 3 agus 4 d'Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013 do riachtanas nua go mbeidh sínithe stiúrthóirí agus iniúchóirí clóscríofa ar ráitis airgeadais a chomhdaítear leis an CRO agus go gcuirfear deireadh leis an riachtanas cóipeanna a chomhdú a bhfuil síniú lámhscríofa orthu.

Ó Mhárta 2014 féadfaidh tú do thuairisceán bliantúil agus do chuntais a ríomhchomhdú. Táthar ag súil go mbeidh an tionscnamh seo go mór chun leasa na gcleachtóirí.

Tugann an tuarascáil seo léargas dúinn ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar fheidhmeanna an CRO le linn 2013. Tá scagadh níos mionsonraithe ar na gníomhaíochtaí agus staitisticí leagtha amach sna hágaisíní a leanas.

## **FEIDHMEANNA AN CRO**

### **Corprú Cuideachta Nua**

In 2013 corpraíodh 15,506 Chuideachta Nua. Sin meánmhéid de 1,292 chuideachta nua in aghaidh na míosa.

Rinneadh na trí scéim corpraithe cuideachta, mar a léirítear thíos, a sheachadadh go rialta laistigh de spriocanna um sheirbhísí custaiméirí agus laistigh de na tréimhsí ama a leagadh síos le linn 2013.

Scéim “Fé Phráinn” - 10 lá oibre

Scéim Ar Líne A1 - 5 lá oibre

Gnáthscéim - 15 lá oibre

### **Comhpháirtíochtaí Teoranta agus Cuideachtaí Seachtracha**

Baineadh spriocanna amach do phróiseáil cháipéisí na gComhpháirtíochtaí Teoranta agus na gCuideachtaí Seachtracha ar fad laistigh de 15 lá i ndiaidh iad a fháil.

### **Ainmneacha Gnó**

Laghdaíodh go mór ar an achar ama próiseála d'iarratais ar Ainmneacha Gnó ó rinneadh atheagrú ar nósanna imeachta in 2011. De na hiarratais a líontar i gceart cláraítear 58% díobh agus eisítear na teastais dóibh laistigh de sheachtain; cláraítear 88% díobh laistigh de dhá sheachtain agus 96% díobh laistigh de thrí seachtaine.

Chláraigh an CRO 25,795 ainm ghnó nua in 2013, méadú 0.1% ar 2012. Íocadh as 13,684 de na hiarratais seo leis an áis nua do chártaí creidmheasa, luach €273,680. Ríomhchomhdaíodh 84% de na hiarratais ar ainmneacha gnó in 2013.

### **Faisnéis, Fiosraithe agus Oifig Airgid Thirim**

Cuireann an tAonad Faisnéise seirbhís tosaigh ar fáil do chustaiméirí a dhéanann teagmháil leis an Oifig ar an bhfón, faics nó tríd an bpost nó r-phost. Is buntáiste é seo do chustaiméirí an CRO mar go réitíonn sé an cheist dóibh ar a gcéad ghlaio agus cuireann sé deireadh leis an bhfrustrachas a éiríonn nuair a aistrítear an glao. Cuireann an t-aonad seirbhís tosaigh ar fáil d'fhoireann na hOifige freisin, le go mbeidh na rannóga líne ábalta a gcuid dualgas sonrach féin a chomhlíonadh gan aon ní a chur isteach orthu. Ciorraítear dá réir am próiseála na gcáipéisí a comhdaíodh.

D'fhreagair An tAonad Faisnéise ní ba mhó ná 68,000 glao le linn 2013, meanmhéid de 1,300 glao in aghaidh na seachtaine, le meán am feithimh de nóiméid amháin agus 20 soicind do ghlaio teileafóin.

Freagraíodh thairis 7,500 r-phost le linn 2013 trí chóras láimhseála r-phost an CRO ag [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie), freagraíodh 75% díobh siúd laistigh d'ocht n-uaire a chloig oibre. Le linn 2013, d'eagraigh an tAonad Faisnéise páirtíocht an CRO i dtaispeántais, i seimineáir agus i laethanta oscailte.

Lean an Oifig Poiblí ag plé le glaonna ó dhaoine ar an CRO ó 9.30 - 16.30 i rith 2013. Chomh maith le cabhair a thabhairt do dhaoine le ceisteanna, déanann an tAonad bainistiú ar iarratais ar chóipeanna d'aighneachtaí a chomhdaigh cuideachtaí, ar theastais dhúblacha a eisiúint agus ar nithe eile ar nós litreacha stádais.

### Ioncam 2013

Thug an CRO isteach ioncam €19.39m in 2013. Is laghdú é seo de 2.3% ar ioncam €19.9 in 2012. Toisc gur tháinig méadú ar chomhlíonadh tháinig laghdú ar ioncam mar go raibh níos lú piónós comhdaithe dhéanaigh á íoc. Chomh maith le sin bhí cuideachtaí ag ríomhchomhdú agus ag íoc táillí chomhdaithe níos lú.

Briseadh síos fáltais 2013 faoi na ceannlínte seo a leanas:-

| <b>Ioncam CRO</b>                                                                                              | <b>2011</b> | <b>2012</b> | <b>2013</b> |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------|-------------|-------------|
| Píonóis Chomhdaithe Dhéanaigh                                                                                  | €11.759m    | €11.346m    | €10.614m    |
| Táillí Aighneachta                                                                                             | €7.577m     | €7.321m     | €7.084m     |
| Táillí Fiosraithe agus díolacháin bhuile & Ilghnéitheach (Nótaí Creidmheasa, Iarmhéid Cuntas Custaiméirí etc.) | €1.267m     | €1.136m     | €1.389m     |

### Caiteachas 2013

Ba é €6.688m. caiteachas an CRO in 2013 Is laghdú €3.121m (32%) é seo ar chaiteachas bliantúil ó 2008.

Taispeántar laghdaithe caiteachais an CRO ó 2008 go 2013 sa tábla thíos:

| <b>€000</b>      | <b>2008</b>   | <b>2009</b>   | <b>2010</b>   | <b>2011</b>   | <b>2012</b>   | <b>2013 Soláthar</b> | <b>2013 Sárú</b> | <b>2013 Coigilt</b> |
|------------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|----------------------|------------------|---------------------|
| <b>Pá</b>        | 6.062m        | 5.439m        | 4.826m        | 4.825m        | 4.700m        | 4.604m               | 4.483m           | 0.121m              |
| <b>Neamh-phá</b> | 3.739m        | 3.290m        | 3.072m        | 2.635m        | 2.289m        | 2.606m               | 2.205m           | 0.401m              |
| <b>Iomlán</b>    | <b>9.801m</b> | <b>8.730m</b> | <b>7.898m</b> | <b>7.460m</b> | <b>6.989m</b> | <b>7.210m</b>        | <b>6.688m</b>    | <b>0.522m</b>       |

De bharr titim i líon na foirne agus laghdú suntasach ar ragobair, tháinig titim €1.6m (26%) ar bhille tuarastail an CRO ó 2008. Thit líon na foirne ó 137 gCoibhéis Lánaimseartha (FTE) in 2008 go 104 ag deireadh 2013, laghdú 33 FTE (24%). Tá coigilt €400k in aghaidh na bliana déanta ag an CRO ar ragobair ó 2008 agus deireadh iomlán curtha anois le híocaíochtaí ragoibre.

## **Ríomhchomhdú**

Tá an ríomhchomhdú fós á chur chun cinn ag an CRO mar rogha mhodh comhdaithe an CRO. Tá buntáistí suntasacha ó thaobh éifeachtúlachta agus costais ann do láithreoirí agus don CRO araon. Ceadaítear fós áfach comhdú páipéir in CRO má roghnaíonn láithreoirí gan iad a ríomhchomhdú.

Scantar na haighneachtaí páipéir go léir ar an gclár chun a chinntiú go mbeidh rochtain leictreonach ag an bpobal orthu. In 2013 rinneadh níos mó ná 97% de chuardach chlár an CRO ar líne.

Tháinig méadú ar an nglacadh ar ríomhchomhdú in 2013. Ríomhchomhdaíodh 252,549 n-aighneacht, is é sin 66% de na foirmeacha reachtúla dá bhfuair an CRO, i gcomparáid le 64% in 2012. Ríomhchomhdaíodh 82% de na Tuairisceáin Bhliantúla, méadú 3% ar 2012.

Le linn 2013, sheol an CRO rogha ríomhchomhdaithe ar an bhfoirm C1 (sonraí costais a cruthaíodh)

## **Cáipéisí Iar-Chorpraithe**

Uair agus a chorpraithear cuideachta nua, beidh dualgais chomhdaithe fós aici leis an CRO ar bhonn bliantúil agus ad hoc Mar shampla, má éiríonn stiúrthóir as agus má cheaptar stiúrthóir nua, ní mór fógra faoi na hathruithe seo a chomhdú leis an CRO. Comhdaítear líon mór aighneachtaí den chineál seo le os cionn 67,000 athrú stiúrthóra/rúnaí agus 13,000 athrú seoladh cuideachta arna chomhdú leis an CRO in 2013. B'fhachtóir tábhachtach é an úsáid fheabhsaithe de ríomhchomhdú agus uathchlárú a rinne an CRO maidir le tréimhsí ama a choinneáil laistigh de theorainneacha réasúnta.

Ba lú líon na gcáipéisí a bhain le scaireanna a próiseáladh in 2012 toisc an obair mhór a rinneadh in 2012 leis an riaráiste a ghlanadh.

## **Lóisteálacha Poist agus Tuairisceáin Bhliantúla**

Is í feidhm na Rannóige Lóisteálacha Poist ná na cáipéisí go léir a fhaightear sa phost a scanadh ionas go mbeidh siad ar fáil don phobal i gcoitinne chomh luath agus is féidir.

Tá seirbhís chustaiméara mar thús áite sa Rannóg agus déantar gach iarracht a chinntiú go bhfreagraítear go pras na ceistanna a thagann ar an bhfón agus go bhfreagraítear, ríomhphoist laistigh de 24 huaire agus comhfhreagras laistigh de choicís.

Is é próiseáil na dtuairisceán bliantúil príomhchúram an CRO. Fuarthas 173,000 tuairisceán bliantúil san CRO in 2013.

Leanann an fhoireann próiseála ar aghaidh ag obair chun feabhas a chur ar cháilíocht agus tráthúlacht na n-aighneachtaí a bhfuarthas ar an gClár. Le linn 2013 chuir siad próiseas nua i bhfeidhm chun go laghdófar ar líon na dtuairisceán bliantúil a sheoltar ar ais lena gceartú agus chun an seal fuirigh orthu a mhaolú. Mar thoradh ar seo thit líon na dtuairisceán bliantúil a seoladh ar ais lena gceartú ó 37,000 in 2011 go 30,000 in 2013.

### ***Buaiceanna Séasúracha***

Go traidisiúnta buaileann ualaigh shéasúracha an CRO, go príomha le linn mhí Dheireadh Fómhair, na Samhna, agus Eanáir nuair a ardaíonn líon na dtuairisceán bliantúil ó mheánmhéid de thuairim is 12,000 in aghaidh na míosa go meánmhéid de 20,000 in aghaidh na míosa.

Leanann an Rannóg ag déileáil go tráthúil leis na mbuaiceanna séasúracha seo, de ghnáth glantar aon riaráiste laistigh de sheachtain nó deich lá. B'amhlaidh a bhí in 2013.

### ***Riaráiste ar thuairisceáin bhliantúla neamhchláraithe (B1)***

Na tuairisceáin bhliantúla a éiríonn leo dul trí sheiceáil áirithe cuirtear ar an gClár iad ("received") agus is féidir leis an bpobal iad a iniúchadh cúpla lá tar éis don CRO iad a fháil. Sula ndéantar na cáipéisí a "chlárú" áfach, ní mór seiceáil níos mionsonraithe a dhéanamh orthu. Is é is brí le "clárú" i gcomhthéacs an CRO, ná a dhearbhu nach féidir na cáipéisí a aischur ar an gClár nó a bhaint de.

Laghdaíodh ar an riaráiste de thuairisceáin bhliantúla neamhchláraithe ó 500,000 in 2007 go 94,000 faoi dheireadh 2013. Ciallaíonn sé seo go bhfuil 1.4 mhilliúin de thuairisceáin bhliantúla cláraithe le sé bliana anuas, tuairisceáin nuachomhdaithe san áireamh. Is toradh é seo ar uathchlárú ar thuairisceáin bhliantúla ríomhchomhdaithe a líonadh i gceart agus an t-athrú ó thuairisceáin bhliantúla pháipéir go formáid leictreonach trí phróiseas leanúnach d'iontráil sonraí. In 2013 cláraíodh 225,000 B1, ónar uathchláraíodh 211,000 díobh, cláraíodh 14,000 de láimh agus cuireadh ar ais 7,663 lena gceartú.

### ***Forfheidhmiú***

In 2013, Lean an CRO le forfheidhmiú Achtanna na gCuideachtaí i gcoinne cuideachtaí atá ar mhainneachtain dá ndualgas comhdaithe maidir le tuairisceáin bhliantúla trí bhaint ainneonach den liosta agus ionchúisimh chuideachta. Ionchúisíodh 95 chuideachta ar theip orthu tuairisceáin bhliantúla a chomhdú, ónar cúisíodh 55, tugadh isteach €35,000 i bhfíneálacha. Baineadh 7,077 gcuideachta den chlár go hainneonach agus 4,428 gcuideachta go deonach. Baineadh 346 chuideachta den chlár ar iarratas ó na Coimisinéirí Ioncaim. Athbhunaíodh 659 gcuideachta ar an gclár D'éirigh go maith leis an áis athbhunaithe mhear nach mbíonn ar fáil ach amháin ar maidin.

Foráil eile forfheidhmithe dá bhfuil ag an CRO is ea alt 371 d'Acht 1963 a cheadaíonn don CRO iarratais a dhéanamh ar an Ard Chúirt ar Ordú a chuireann iallach ar an gcuideachta na tuairisceáin bhliantúla atá fós amuigh a chomhdú.

Cuireadh críoch le dhá chás faoi Alt 371 in 2013. Sa chéad chás comhdaíodh na tuairisceáin bhliantúla agus scríosadh amach an cás. Sa dara cás tugadh ordú i gcoinne an Chuideachta slán

a dhéanamh d'aon mhainneachtain maidir le hAilt 125 agus 127 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 a chomhlíonadh agus bronnadh costais an cháis ar an CRO. Chomhdaigh an cuideachta ina dhiaidh sin.

Chabhraigh an CRO le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) i rith na bliana inarás chun dícháiliú/srian a fháil do stiúrthóirí na gcuideachtaí dócmhainneacha trí mhionnscribhinní agus teastais tacaíochta. Thosaigh an CRO ar a litreacha meabhrúcháin a eisiúint ar r-phost i roinnt mhaith cásanna le coigilt shuntasach don Oifig mar thoradh is gan aon chur isteach ar an seirbhís a sholáthraíonn na meabhrúcháin.

### ***Morgáistí agus Muirir***

Coimeádadh clár morgáistí cothrom le dáta in 2013 trína chinntiú go ndearnadh scanadh ar na cáipéisí agus gur cláraíodh iad laistigh de scálaí ama plean gnó chomhaontaithe. Fuarthas 7,207 C1 (morgáistí/muirir a chruthaigh cuideachtaí Éireannacha) in 2013, ardú de 273 nó 3.5% ar fhiigiúr 2012 de 6,964. Fuarthas 5,272 C6 (dearbhu reactuail ar shásamh iomlán muirir) in 2013, méadú 1,798 nó 52% ar fhiigiúr 2012 de 3,474.

### ***Leachtaithe agus Glacadóireachtaí***

Coimeádadh clár cothrom le dáta ar gach leachtú, glacadóireacht agus scrúdaitheoireacht, cláraíodh na cáipéisí ar fad a fuarthas laistigh de scálaí ama phlean gnó réamhaontaithe. Bhí líon na leachtaithe in 2013 ag imeacht le fána agus titim de 269 ó 2,236 in 2012 go 1,967 in 2013 ionann is titim de 12%. Bhí líon na gcuideachtaí i nglacadóireacht ag dul in airde le tamall anuas ach casadh ar an gcláonadh sin in 2013 agus thosaigh a líon ag imeacht le fána, laghdú 101, ó 654 in 2012 go 553 in 2013, ionann is laghdú 15%. Coimeádadh clár na stiúrthóirí atá dícháilithe nó a bhfuil srian orthu, fad is a leanadh ar bhonn rialta d'eisiúint tuairiscí ar chuideachtaí i leachtú don ODCE.

Leanadh ar aghaidh in 2013 le hathbhreithniú ar chuideachtaí ina raibh an leachtú neamhghníomhach, le litreacha á eisiúint do leachtaitheoirí ag iarraidh orthu na tuairisceáin atá amuigh a chomhdú.

### ***Rannóg Foilseachán***

Tá sé d'fhreagracht ar an Rannóg Foilseachán plean feachtais a chur i bhfeidhm, lena mbaineann rochtain ar agus feacht custaiméirí ar bhileoga eolais CRO, ar Fhoirmeacha CRO agus ar Láithreán Gréasáin an CRO a fheabhsú.

Foilsíonn an CRO feachtán leictreonach rialta a chuireann eolas cothrom le dáta ar fáil maidir le nósanna imeachta, cleachtais agus seirbhísí na hOifige. Níl aon táille ar an bhfeachtán. Is féidir treoracha ar shuibscríobh don tseirbhís a fháil ó [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

Tá an Rannóg Foilseachán ag scrúdú agus ag comheagrú gach gné de Bhille na gCuideachtaí agus tá an rannóg ag déanamh monatóireacht ar an tionchar a bheidh ag an mBille ar riachtanais ghnó an CRO agus ar a cuid custaiméirí. Forbrófar straitéis chumarsáide go luath in 2014 lena chinntiú



go dtabharfar fógra leordhóthanach ar tháillí a thabharfar isteach le Bille na gCuideachtaí dár ngeallsealbhóirí.

### **Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2013**

Tá an CRO lonnaithe i dTeach Parnell, Baile Átha Cliath, agus ar Bhóthar Uí Bhriain, Ceatharlach. Is í an CRO an príomhúsáideoir fuinnimh i dTeach Parnell (67%) agus sa bhfoirgneamh freisin tá Cláraitheoir na gCara-Chumann (RFS) agus an tÚdarás Iomaíochta. Is í an CRO Cheatharlach a bhaineann an t-úsáid is lú as an bhfuinneamh ag Bóthar Uí Bhriain (45%) agus sa bhfoirgneamh freisin tá an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta.

Fuair an Fhoireann Fuinnimh i dTeach Parnell aitheantas ón dtionscnamh Optimising Power @ Work in 2010 agus bhain an foirgneamh an dara h-áit amach sa bhFoirgneamh is Fearr Feidhmíochta – faoin gcatagóir - Foirgnimh Aeroiriúnaithe. Tá rátáil fuinnimh D2 ag Teach Parnell faoi láthair, agus tá rátáil D1 ag Bóthar Uí Bhriain.

In 2013, d'úsáid an CRO (Baile Átha Cliath & Ceatharlach) 880.88MWh fuinnimh, ina raibh:

- 355.71MWh leicreachtas
- 525.17MWh de bhreoslaí iontaise, agus is gáis nádúrtha an t-aon bhreosla iontaise a úsáideadh.
- Níl aon bhreosla in-athnuaite á úsáid ag an CRO faoi láthair.
- Astuithe CO<sub>2</sub>: 283,195kg

Is féidir an ídiú fuinnimh seo a bhriseadh síos de réir láithreach:

#### **Baile Átha Cliath - 757.48MWh fuinnimh ina raibh:**

- 289.93MWh leictreachais;
- 467.55MWh de bhreoslaí iontaise, agus is gáis nádúrtha an t-aon bhreosla iontaise a úsáideadh.

#### **Ceatharlach - 123.40MWh fuinnimh ina raibh:**

- 65.78MWh leictreachais;
- 57.62MWh de bhreoslaí iontaise, agus is gáis nádúrtha an t-aon bhreosla iontaise a úsáideadh.

### **Gníomhartha Déanta in 2013**

- Ríomhphoist a bhaineann le coigilt fuinnimh seolta chuig an bhfoireann le meabhrú dóibh ar fad monatóirí PC, printéirí srl a mhúchadh gach tráthnóna (sa dá láthair)
- 'Laethanta gan ardaitheoirí' míosúla (Teach Parnell).
- Iniúchtaí fuinnimh Lasmuigh d'Uaireanta Oifige (Teach Parnell).
- Rinneadh monatóireacht leanúnach ar uaireanta oibríochta an Aonaid Láimhseála Aeir (Teach Parnell).
- Rinneadh uaineadóirí teasa a ríomhchlárú go rialta ag teacht le staid reatha na haimsire (sa dá láthair).

Níl sé indéanta figiúirí sonracha a thabhairt ar choigilt fuinnimh i leith na ngníomhartha thuasluaite ar fad. Tháinig laghdú 2.6% ar úsáid leictreachais CRO Bhaile Átha Cliath in 2013 i gcomparáid le 2012, tháinig ardú iomlán de 26.4% ar úsáid breoslaí iontaise (gáis) sa dá láthair. Tháinig ardú 12.4% ar an úsáid fuinnimh foriomlán agus tháinig ardú 0.66% ar astuithe CO<sub>2</sub> i gcomparáid le 2012.

#### **Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2014**

- Póstaeir Feasachta Fuinnimh Nua le cur in airde thart thimpeall an fhoirgnimh (sa dá láthair).
- Cuir i láthair don fhoireann (sa dá láthair).
- Iniúchtaí lasmuigh d'Uaireanta Oifige (sa dá láthair).
- 'Laethanta Gan Ardaitheoirí' míosúla.

Meastar go mbeidh coigiltí idir 5-10% ar an iomlán mar thoradh ar fheachtais Feasachta Fuinnimh a réachtáil. Trí Chórais Bainistithe Gnó a úsáid cuirtear ar chumas na n-oifigí araon úsáid fuinnimh a bhainistiú go cianda agus go héifeachtach agus ba chóir go mbeadh coigiltí mar thoradh ar na córais sin amach anseo.

### **CAD A BHÍ NUA IN 2013**

#### **Bille na gCuideachtaí**

D'fhoilsigh an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta, an tUasal Richard Burton, Bille na gCuideachtaí an 21ú Nollaig 2012. Cuirfidh na hathruithe atá molta borradh mór faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann agus cuirfear cód dlí cuideachtaí den scoth ar fáil d'úsáideoirí dá bharr. Meastar go dtiocfaidh Dlí na gCuideachtaí nua i bhfeidhm go luath in 2015 agus tiocfaidh sé in áit Dhlí na gCuideachtaí 1963-2013 atá ann cheana féin.

Cuireadh tús leis an obair i ndáiríre ag an CRO sa chuid deiridh den bhliain chun míreanna éagsúla den Bhille a scrúdú go géar. Déanfaidh an CRO athbhreithniú ar nósanna imeachta agus déanfaidh sí dréachtfhoirmeacha agus bileoga eolais a leasú de réir mar a bheidh gá. Éileoidh an reachtaíocht nua córais ag an CRO a athfhorbairt go mór, tá tús curtha leis an obair seo cheana féin. Déanfar an obair, a luaithe agus a bheidh sí ceadaithe, a sheoladh chuig geallsealbhóirí ar mhaithe le tuilleadh scrúdaithe. Tá sé beartaithe freisin láithreán gréasáin CRO nua a sheoladh a bheidh dírithe ar eolas, ar dhréachtfhoirmeacha, ar bhileoga eolais agus ar nósanna imeachta a bhaineann le Bille na gCuideachtaí nua i mBealtaine 2014.

I Nollaig 2013, rinne an CRO suirbhé chun an bealach is fearr maidir le heolas a chur ar fáil do na geallsealbhóirí a aimsiú. Go luath in 2014, cuirfear straitéis chumarsáide i gcrích agus déanfar í a imlonnú sula gcuirfear Acht na gCuideachtaí i bhfeidhm. Leanfaidh an CRO ar aghaidh de bheith rannpháirteach in imeachtaí i rith na bliana agus tapfaidh sí an deis na hathruithe atá le teacht isteach laistigh de Bhille na gCuideachtaí a chraoladh.

#### **Ag dul i mbun gnó**

Bhí an CRO ar cheann de níos mó ná 20 comhlacht Stáit a ghlac páirt in imeacht ionad uileghnó 'Ag Dul i mBun Gnó' arna eagrú An Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta chun comhairle phraiticiúil a thabhairt do dhaoine atá ag smaoineamh gnó nua a thosú agus d'fhiontraithe atá ann cheana

féin. Rinne an CRO cur i láthair a leag béim ar na riachtanais atá ar chuideachtaí ó thaobh Dlí Cuideachtaí agus chuir sí seastán eolais ar bun agus ann labhair muid go díreach leis an lucht freastail agus d'fhreagair muid ceistanna ag suíomh neamhfhoirmiúil.

Mar gheall ar chomh maith agus a d'éirigh leis an imeacht, chinn an Rialtas roinnt imeachtaí a reáchtáil ar fud na tíre in 2014. Tá sé beartaithe go reáchtálfar an chéad imeacht in Óstán Strand, Luimneach an 11ú Márta 2014, agus ina dhiaidh sin sa Radisson i nGaillimh an 25ú Márta 2014 agus ansin sa Silversprings i gCorcaigh an 1ú Aibreán 2014. Reáchtálfar an t-imeacht deiridh ag The Printworks, Caisleán Bhaile Átha Cliath an 16ú Deireadh Fómhair 2014. Cuirfear tús leis an gclárú do na himeachtaí seo go luath i mí Feabhra 2014.

### **Seirbhísí Gréasáin**

Rinne an CRO a saoráid “Seirbhísí Oscailte” a fhorbairt breise. Is Comhéadan Feidhmchláir (API) atá i Seirbhísí Oscailte a chuireann ar chumas forbróirí bogearraí sonraí cuideachtaí agus aigh-neachtaí saor in aisce ón CRO a chur san áireamh ina gcuid iarratas.

Ón 29ú Samhain 2012, is féidir le sealbhóirí Cuntas Custaiméirí atá cláraithe do “Sheirbhísí Oscailte” sruthlíniú cáipéisí ón CRO a chur isteach ina gcuid iarratas freisin. Cuireann seo ar chumas forbróirí cáipéis atá le cur isteach mar aighneacht a thaispeáint go díreach dá gcustaiméirí agus chun an t-aga tionscanta a bhaineann le híomhá a cheannach a laghdú go mór.

Is ionann costas in aghaidh na híomhá agus an costas a bhaineann leis an íomhá a cheannach go díreach trí shuíomh chuardaigh cuideachta an CRO.

Is saoráid í Cuntais Custaiméirí ag an CRO a chuireann ar chumas láithreoirí chun na hOifige cistí a lóisteáil as ar féidir comhdúcháin aonair a íoc ina dhiaidh sin. Suas go dtí 2013, osclaíodh cuntais tríd an bpost agus rinneadh iad a lóisteáil ina dhiaidh sin trí sheic agus trí chárta creidmheasa. Ó 2013, is féidir cuntais a oscailte ar líne. Chomh luath agus a dhéantar iarratas ar líne, is féidir leis an láithreoir an cuntas a úsáid ar an bpointe.

### **An tAcht Toghcháin (Leasú)(Maoiniú Polaitíochta)**

Síníodh an tAcht ina dhlí an 6ú Samhain 2012. Athraíonn ceann amháin d'fhorálacha an Achta an méid tairsí i ndáil le nochtadh ar fhoirm thuairisceáin bhliantúil arna cur i gcrích ag cuideachta, ag cumann nó ag ceardchumann.

Ón 7ú Samhain 2013, rinneadh an méid a bhí le híoc mar shíntiús polaitíochta agus atá le nochtadh a laghdú ó €5,079 go €200. Ní raibh feidhm leis an athrú sin go dtí an dáta seo. Ón 7ú Samhain 2013, ní mór go mbeadh síntiús ag an bhfigiúr níos ísle curtha san áireamh i dtuairisceán bliantúil ar bith a cuireadh isteach chuig an CRO

### **Iniúcháirí Neamhchláraithe**

Is cion faoi Achtanna na gCuideachtaí é a bheith ag gníomhú mar iniúcháir agus gan a bheith cáilithe agus d'fhéadfadh an ODCE an té sin a ionchúiseamh. In Aibreán 2011, chuir an CRO córas nua i

bhfeidhm chun láithreoirí a dhíspreagadh ó (a) tuairisc iniúchára arna síniú ag iniúcháir neamhchláraithe a chomhadú nó (b) tuairisc iniúchára arna síniú go calaoiseach le hainm iniúchára cláraithe. Ní mór do láithreoir tuairisceáin bhliantúil a bhfuil cuntais iniúchta aige/aici Uimhir Chláraithe an Iniúchára (ARN) a chur ar an bhfoirm B1. Seolann an CRO ríomhphost ina dhiaidh sin chuig úinéir an ARN sin chun é/í a chur ar an eolas gur baineadh úsáid as an ARN ar an bhfoirm B1 sa chuideachta áirithe sin.

I rith 2013, rinne an fhoireann in oifig Cheatharlach

- an córas ARN a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú,
- chuaigh siad i mbun idirchaidrimh le láithreoirí, le cuideachtaí agus le hiniúcháirí agus iad ag déileáil le cásanna aonair,
- d'oibrigh siad chun ionracas an Chláir a chosaint trína chinntiú, a mhéid agus is féidir, gur cuireadh tuairiscí bliantúla arna síniú ag iniúcháirí a bhí cláraithe i gceart in áit na dtuairisceán bliantúla ina raibh tuairiscí bliantúla arna síniú ag iniúcháirí nach raibh cláraithe,
- rinne siad gach cás ina raibh iniúcháir neamhchláraithe a thuairisciú chuig an ODCE agus thacaigh siad leis an ODCE ina ról mar ionchúisitheoir i gcásanna den sórt sin,
- thuairiscigh siad chuig an mbainistíocht agus chuig comhlachtaí ionadaíochta cuntasáíochta maidir leis an líon iniúcháirí neamhchláraithe a fuarthas agus maidir leis an ngníomh leantach a glacadh.

In 2013, d'aimsigh an CRO 97 cuideachta a chomhdaigh tuairiscí iniúchára a bhí sínithe ag 15 duine aonair nó cuideachta nach raibh ar Chlár na nIniúcháirí ar an dáta ar shínigh siad tuairisc an iniúchára. Sa bhreis air sin, tugadh 18 cás le fios don CRO, a bhain le 24 cuideachta, inar luaigh an t-iniúcháir aonair nó an chuideachta iniúchára a raibh a gcuid ainmneacha ar thuairisc an iniúchára, nárbh iad a rinne an t-iniúchadh.

### **Saoráid cártaí creidmheasa**

I Meán Fómhair 2012, thug an CRO isteach íocaíocht trí chártaí creidmheasa/dochair ar mhaithe le lóisteálacha agus le fiosruithe in Oifig Phoiblí an CRO. Is féidir iarratais Ainmneacha Gnó i CORE a íoc freisin trí chárta creidmheasa/dochair. In Eanáir 2013, bhí daoine in ann íocaíochtaí ar líne a dhéanamh chun tuairisceán bliantúil a íoc.

Baineann an CRO úsáid as 3D Secure ar mhaithe le ceannacháin ar líne agus he híocaíochtaí foirmeacha ar líne. Is seirbhís atá i 3D Secure arna cruthú ag Visa agus ag MasterCard chun do chárta creidmheasa a chosaint in aghaidh úsáid neamhúdaráithe ar líne.

### **Saoráid Chuardaigh Aighneachtaí agus Comhad Slavenburg**

Tá sé d'oibleagáid ar chuideachta iasachta atá áit nó brainse gnó bunaithe aice sa Stát, ach a theip uirthi clárú leis an CRO mar chuideachta seachtrach, sonraí maidir le muirear ar bith a ghlacann an chuideachta sin i ndáil le maoin in Éirinn a chur ar fáil don CRO ar an mbealach céanna (ag úsáid Foirm 8E) (F8) is a dhéanadh cuideachta seachtrach chláraithe (de réir Bhanc NV Slavenburg's v Intercontinental Natural Resources Ltd [1980] 1 All ER 955).

Rinneadh aighneachtaí ón bhliain 2000 ar aghaidh a scanadh agus is féidir iad a cheannach ón láithreán gréasáin tríd na Naisc Cuardaigh Aighneachtaí Aonair chuig saoráid laithreán gréasáin

seachtrach a úsáid. Chun an cuardach seo a éascú, tá comhad pdf le fáil ón láithreán gréasáin a leagan amach liosta uimhreacha agus ainmneacha cuideachtaí aighneachtaí mar aon leis an dáta a fuarthas iad. Déanfar an comhad a nuashonrú ar bhonn míosúil.

## **Comhadú Leictreonach ar C1**

Cuireadh tús le comhadú leictreonach ar C1 i bhFeabhra 2013. Is féidir an Fhoirm C1, Sonraí ar Mhuirear arna chruthú ag cuideachtaí a ionchorpraíodh sa Stát, a chomhadú go leictreonach trí úsáid a bhaint as CORE. Tá táille comhdaithe de €40 ar C1 a chomhadú go leictreonach. Faoi Bhille na gCuideachtaí 2012 (nuair a bheidh sé achtaithe) cuirfear córas rangaithe tosaíochta i bhfeidhm a bheith bunaithe ar “an chéad comhad le comhadú” in áit “an chéad comhad a fhaightear” i ndáil le muirear a chomhdaítear leis an CRO. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go rachaidh láithreoirí i gcleachtadh anois ar mhodhanna comhdaithe leictreonach chun amanna comhdaithe tapaidh a bhaint amach.

## **AG TEACHT IN 2014**

### **Comhadú Cuntas a bheidh go hiomlán leictreonach**

Forálann Ailt 3 agus 4 d’Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013 do riachtanas nua go mbeidh sínithe stiúrthóirí agus iniúchóirí clóscríofa ar ráitis airgeadais a chomhdaítear leis an CRO agus go gcuirfear deireadh leis an riachtanas cóipeanna a chomhdú a bhfuil síniú lámhscríofa orthu. Sa bhreis air sin, déileálann na forálacha le rogha deimhnithe foriomlán nua maidir leis na cuntais agus d’fhéadfadh go mbeadh síniú lámhscríofa ar an deimhniú seo nó go mbeadh sé ríomh-shínithe ag stiúrthóirí amháin agus ag an rúnaí. Tá sé beartaithe leis na forálacha seo borradh a chur faoi chomhadú leictreonach leis an CRO. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an tionscnamh seo i Márta 2014.

Agus tuairisceán bliantúil á chomhadú go leictreonach, cuirtear liosta cineálacha cuideachtaí/cineálacha cuntas os comhair an chustaiméara agus ní mór dó/di tic a chur i mbosca chun an cineál cuntas atáthar ag comhadú ag a c(h)uideachta a léiriú. Beidh Teastas comhfhreagrach le feiceáil ansin ar an leathanach sínithe agus is féidir leis an Stiúrthóir agus an Rúnaí síniú a dhéanamh don dá e-B1 agus do na cuntais ar an leathanach singil seo.

Is féidir le láithreoirí ansin

- na cuntas a uaslódáil mar PDF agus leathanach sínithe singil a chur ar aghaidh chuig an CRO, nó
- an leathanach sínithe a shíniú ag úsáid sínithe ROS, agus sa chás sin ní gá cáipéis páipéir ar bith a sheoladh chuig an CRO, nó
- na cuntais a chur mar iarscríbhinn leis an leathanach sínithe B1 mar cháipéis páipéir agus seol an leathanach sínithe agus na cuntais chuig an CRO mar is gnáth.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar láithreán gréasáin an CRO.

## **Tabharfar isteach Cáipéisí agus Teastais a bheidh Deimhnithe go Digiteach**

Eisíonn an CRO roinnt cáipéisí deimhnithe:

- Teastas um Ionchorprú Cuideachtaí
- Teastas um Chlárú Ainmneacha Gnó
- Teastas Dúblach (d'Ionchorprú Cuideachtaí nó de Chlárú Ainmneacha Gnó)
- Cóip Deimhnithe den Aighneacht (Eolas na Cuideachta a Chomhadú)

Faoi láthair eisíonn an CRO na teastais seo ar pháipéir slándála le sínithe clóchurtha ó shínitheoirí údaráithe.

Chomh maith leis sin tá sé i gceist ag an CRO leagan leictreonach a thairiscint de na teastais is na cáipéisí le síniú digiteach gur de bhunadh an CRO iad. Tiocfaidh cáipéis pdf leictreonach in áit an pháipéir, cáipéis í seo a bheidh gnéithe slándála ionsuite inti lena chruthú gur de bhunadh an CRO í agus nach ndearnadh aon eagarthóireacht uirthi ó shin.

Beidh gach cáipéis atá deimhnithe go digiteach bailí go deo agus is féidir le cuideachtaí iad a úsáid níos mó ná uair amháin. Beidh an faighteoir in ann na cáipéisí a sheoladh ar aghaidh freisin chuig tríú páirtithe m.sh. bainc.

## AGUISÍN 1 MIONSTADREAMH

### Comhdhéanamh an Chláir agus Gníomhaíocht ar an gClár

#### Comhdhéanamh an Chláir ag Deireadh 2013


|                        | 2012    | %     | 2013    | %     |
|------------------------|---------|-------|---------|-------|
| Príobháideach Teoranta | 158,666 | 85.97 | 161,071 | 86.07 |
| Poiblí Teoranta        | 1,717   | 0.93  | 1,706   | 0.91  |
| Neamhtheoranta         | 4,202   | 2.27  | 4,324   | 2.31  |
| Ráth                   | 15,600  | 8.45  | 15,461  | 8.26  |
| Seachtrach             | 4,340   | 2.35  | 4,552   | 2.43  |
| EEIG                   | 24      | -     | 25      | -     |
| Iomlán                 | 184,549 |       | 187,139 |       |

*Nóta: níl cuideachtaí atá á leachtú san áireamh sa tábla seo.*

#### Gníomhaíocht ar Chlár na gCuideachtaí in 2013

|                                                              | 2012   | 2013   | % +/-  |
|--------------------------------------------------------------|--------|--------|--------|
| Líon iomlán na gCuideachtaí Nua Cláraithe as seo bhí         | 14,009 | 15,506 | +9.03  |
| Príobháideach Teoranta                                       | 13,104 | 14,727 | +11.1  |
| Poiblí Teoranta                                              | 115    | 132    | +12.9  |
| Neamhtheoranta                                               | 236    | 180    | -31.11 |
| Ráth                                                         | 554    | 467    | -18.62 |
| Athshlánaithe                                                |        |        |        |
| Ag cuideachtaí laistigh de bhliain ó bheith bainte den chlár | 679    | 638    |        |
| Ag an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda                        | 148    | 140    |        |
| Cuideachtaí a Díscailleadh                                   | 14,049 | 13,583 |        |
| Athrú Glan                                                   | +787   | +2,701 |        |

|                                                                     |        |
|---------------------------------------------------------------------|--------|
| Líon iomlán na gcuideachtaí nua ionchorpraithe in 2013:             | 15,506 |
| Líon iomlán na gcuideachtaí a díscailleadh le linn 2013:            | 13,583 |
| Líon iomlán na gcuideachtaí a athshlánaíodh chuig an gclár in 2013: | 778    |
| Líon na gcuideachtaí aon bhall ar an gclár:                         | 53,167 |



### Cuideachtaí a Athshlánaíodh chuig an gClár

Déanann alt 311(8) agus alt 311A d'Acht na gCuideachtaí, 1963, agus alt 12B.(3) agus alt 12C d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982 foráil d'athshlánú cuideachta díscailte chuig Clár na gcuideachtaí. Féadann cuideachta a bheith athshlánaithe chuig an gClár trí iarratas a dhéanamh go dtí :

- An Ardchúirt sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscailte
- An Chúirt Chuarda sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscailte, sa chás gur creidiúnaí an t-iarratasóir
- Cláraitheoir na gCuideachtaí sula mbeidh dhá mhí dhéag téaltaithe ón dáta díscailte, sa chás go ndéanann an chuideachta an t-iarratas, nó go ndéantar ar a son é.


| Bliain | Cuideachtaí a Athshlánaíodh chuig an gClár | Cuideachtaí ar an gClár | %    |
|--------|--------------------------------------------|-------------------------|------|
| 2009   | 975                                        | 185,052                 | 0.5  |
| 2010   | 659                                        | 185,608                 | 0.35 |
| 2011   | 739                                        | 185,181                 | 0.4  |
| 2012   | 827                                        | 184,549                 | 0.4  |
| 2013   | 778                                        | 187,139                 | 0.4  |



## Clár Seachtrach

Cuideachtaí ar an gclár seachtrach an 31 Nollaig 2013:

|                               | 2012  | 2013  |
|-------------------------------|-------|-------|
| Brainsí (AE)                  | 1,576 | 1,622 |
| Brainsí (Neamh-AE)            | 397   | 419   |
| Áit Ghnó                      | 2,367 | 2,511 |
| Iomlán ar an gclár seachtrach | 4,340 | 4,552 |



## Athruithe ar ainm cuideachta

Le linn 2013, ceadaíodh 1,808 athrú ar ainmneacha cuideachtaí. Áirítear ar an bhfigiúr sin cuideachtaí a éilíodh orthu a n-ainmneacha a athrú faoi Alt 23(2) d'Acht na gCuideachtaí 1963. In 2012, bhí 1,770 athrú ar ainmneacha cuideachtaí agus bhí 1,905 in 2011.

## Cumasc Trasteorann

Fuarthas ceathair chuideachta trí reachtaíocht um Chumasc Trasteorann in 2013 agus rinneadh seacht chuideachta eile a chomhghabháil. Rinneadh iarratas trí eadáil eile nach bhfuil curtha i gcrích go fóill agus pleanáladh go ndéanfaí 5 chuideachta eile a chomhghabháil in 2013. Fuarthas 21 gcuideachta faoin reachtaíocht go dtí seo, agus rinneadh 49 chuideachta a chomhghabháil.

| Bliain | Trí éadail | Trí ionsú | Cuideacta Nua |
|--------|------------|-----------|---------------|
| 2008   | 1          | 2         |               |
| 2009   | 5          | 8         |               |
| 2010   | 6          | 7         |               |
| 2011   | 3          | 6         |               |
| 2012   | 2          | 19        | 1             |
| 2013   | 4          | 7         |               |

## Societas Europaea

Cuireadh 1 Societas Europaea ar an gclár sa Stát le linn na bliana, atá cuideachta phoiblí theoranta a chomhshó i SE.

| Bliain | Isteach | Amach | PLC |
|--------|---------|-------|-----|
| 2008   | 1       | 0     |     |
| 2009   | 2       | 2     |     |
| 2010   | 4       | 0     |     |
| 2011   | 0       | 1     |     |
| 2012   | 2       | 0     | 2   |
| 2013   | 1       |       | 1   |

## Imircí Chiste Infheistíochta

Cláraíodh 2 de cuideachtaí sa Stát ar leanúint i ndiaidh imirce isteach faoi alt 256F Acht na gCuideachtaí 1990 arna chur isteach le hAlt 3(j) d'Acht na gCuideachtaí 2009 (Forálacha éagsúla).

| Bliain | Imirce Isteach |
|--------|----------------|
| 2010   | 1              |
| 2011   | 16             |
| 2012   | 2              |
| 2013   | 2              |

## Cead “Teoranta” a fhágáil amach as ainm

In 2013, tugadh cead do na cumainn/cuideachtaí seo a leanas “Teoranta” a fhágáil amach as a n-ainmneacha:

AG EISTEACHT  
AGAPE 4 LIFE  
BRUDAZZO  
CARE LEAVERS IRELAND  
CHILDHOOD CANCER FOUNDATION  
CHILDREN OF KOLKATA  
CHURCHFIELD COMMUNITY TRUST  
CP FAMILY SUPPORT SERVICES  
DUNDALK MUSLIM COMMUNITY  
EDMUND RICE INTERNATIONAL  
EOLAS SOILEIR  
FOODCLOUD  
GALWAY BOTANIC GARDEN  
GALWAY YOUTH ARTS ALLIANCE  
GLOBAL PEACE FOUNDATION - IRELAND  
HELLO WORLD FOUNDATION  
INDO IRELAND HIGHER EDUCATION ORGANISATION  
IRELAND TELUGUS WELFARE ASSOCIATION  
IRISH GUILD OF SOMMELIERS  
KILCULLEN COMMUNITY CHILDCARE AND EDUCATION CENTRE  
LAW CENTRE FOR CHILDREN & YOUNG PEOPLE (IRELAND)  
LOOK GOOD FEEL BETTER IRELAND  
MUSIC FOR CHARITY  
NATIONAL ADVOCACY SERVICE FOR PEOPLE WITH DISABILITIES  
NCBI CHARITABLE FOUNDATION  
NCBI RETAIL  
NCBI SERVICES  
PARNELL SQUARE FOUNDATION  
POLISH SCOUTING ASSOCIATION  
RATHFEIGH AND DISTRICT HISTORICAL SOCIETY  
STEPHEN GATELY TRUST  
THE EUNICE-UPENDO PROJECT  
THE IRISH LITERARY TRUST  
THE NORTHWEST NEUROLOGICAL INSTITUTE  
THE STUDENT CHRISTIAN MOVEMENT IRELAND  
TIGLIN CHALLENGE  
TRUE BUDDHA ORGANISATION  
UVERSITY  
VISION SPORTS IRELAND

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMIÚCHÁIN IN 2013

### An próiséas um Baint den Liosta

